**Comharchumann Mhic Dara**

**An Crompán, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe**
091-869750 | seancccr@gmail.com | www.ancheathrurua.ie

# FOLÚNTAS

***Bainisteoir faoi Oiliúint***

Tá Comharchumann Mhic Dara Teo ag tabhairt faoi scéim phíolótach dhá bhliain le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta chun bainisteoir faoi oiliúint a earcú.

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in oifigí Chomharchumann Mhic Dara Teo, An Cheathrú Rua, Conamara.

Beidh 39 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist seo agus beidh freastal ar chruinnithe taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin.

Díreoidh an bainisteoir faoi oiliúint ar thionscadail shonracha atá mar chuid de chlár oibre na heagraíochta. Tabharfar taithí maidir le tograí a bhainistiú, a fhorbairt agus a thabhairt chun críche don té a cheapfar. Beidh deis ag an mbainisteoir faoi oiliúint scileanna a fhorbairt ionas go mbeidh siad in ann feidhmiú mar bhainisteoir ar eagraíocht forbartha pobail amach anseo.

Cuirfidh Bainisteoir Chomharchumann Mhic Dara Teo treoir agus comhairle ar fáil don té a cheapfar ó lá go lá agus beidh teagmháil rialta le feidhmeannach ón Údarás maidir le dul chun cinn an chláir oibre.

Tabharfaidh an bainisteoir faoi oiliúint faoi chúrsa oiliúna le linn na tréimhse dhá bhliain.

Tuarastal €36,500 – €40,000.

Beidh na tréithe seo a leanas de dhíth ón té a cheapfar:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Eagraithe agus tiomanta.
- Ábalta glacadh le treoir.
- Ábalta obair as a stuaim féin ó lá go lá chomh maith, gan gá le mionbhainistíocht.
- Dúil i bhfoghlaim, i scileanna nua a fhorbairt, agus dul chun cinn a dhéanamh.
- Taithí a bheith ag plé le buiséid
- Solúbtha ó thaobh uaireanta oibre, ag brath ar riachtanais na dtograí éagsúla a fhorbairt agus a chur i gcrích agus riachtanais na heagraíochta.
- Ceadúnas glan tiomána

Seol Curriculum Vitae agus litir iarratais roimh 4.00in ar an 20ú Feabhra 2026 chuig:

seancccr@gmail.com

Tuilleadh eolais:  Teil: 091 869750.

Údarás na Gaeltachta